C/2024/1596

15.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11247 — INEOS / CERTAIN ASSETS OF TOTALENERGIES)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1596)

1. An 7 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ineos AG ('Ineos', an Eilvéis),

— Sócmhainní agus conarthaí áirithe ag suíomh peitriceimiceach Lavéra, chomh maith le codanna den phíblíne eitiléine nasctha Ais Thoir (an 'Sprioc'), an Fhrainc), a bhfuil formhór acu á n-oibriú go comhpháirteach faoi láthair ag TotalEnergies Petrochemicals France SA agus TotalEnergies Petrochemicals & Refining SA.

Gheobhaidh Ineos rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Sprioc ina hiomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna, sócmhainní agus conarthaí.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir domhanda peitriceimiceán, ceimiceán speisialtachta agus táirgí ola eile é Ineos,

— Tá an Sprioc comhdhéanta de na sócmhainní agus conarthaí monaraíochta seo a leanas ag suíomh peitriceimiceach Lavéra: (i) aonad scoilteora gaile eitiléine (Naphtachimie SA, 'Naphtachimie'), (ii) aonad cumhránaice (GIE Pour l'Extraction des Aromatiques du Sud-Est, 'Gexaro'), (iii) aonad polapróipiléine (Appryl SNC, 'Appryl'), (iv) bonneagar stórála nafta ('GIE 3TC'), agus (v) conarthaí, liostaí custaiméirí agus fardal áirithe gaolmhara; chomh maith le chomh maith le codanna den phíblíne eitiléine nasctha Ais Thoir.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11247 — INEOS / CERTAIN ASSETS OF TOTALENERGIES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').